An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

2 Bealtaine 2018

# INFHEISTÍOCHT

## CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?


Braitheann an rath a bheidh ar an Eoraip amach anseo ar na cinntí a dhéanaimid anois i dtaobh na hinfheistíochta. Bhí buiséad an Aontais Eorpaigh ina fhoinse thábhachtach infheistíochta san Eoraip i gcónaí. Trí dhlús a chur leis an infheistíocht i réimsí ar nós an taighde, an bhonneagair straitéisigh agus chlaochlú digiteach na tionsclaíochta agus an Mhargaidh Aonair, cuirfear borradh faoin bhfás amach anseo agus tabharfar aghaidh ar dhúshláin choiteanna ar nós an dícharbónaithe agus an athraithe dhéimeagrafaigh.

Le spriocanna fadtéarmacha an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus fás cuimsitheach a bhaint amach, beidh gá infheistíocht mhór a dhéanamh i múnlaí nua soghluaisteachta, i bhfuinnimh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh, i dtaighde agus nuálaíocht, sa digitiú, san oideachas agus scileanna, sa bhonneagar sóisialta, sa gheilleagar ciorclach, sa ghníomhú ar son na haeráide agus, thar rud ar bith eile, i mbunú agus i bhfás gnólachtaí beaga.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Le hinfheistíocht **€15.2 billiún** as buiséad an Aontais, meastar go spreagfaidh InvestEU breis agus **€650 billiún** d'infheistíocht bhreise ar fud na hEorpa.

**Infheistíocht sa todhchaí**




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach

*Nóta:* I gcomparáid le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 (AE-27) (meastachán)

# GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

- I bhfianaise cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (Plean Juncker) agus ionstraimí airgeadais eile infheistíochtaí príobháideacha a thionscnamh ar fud na hEorpa, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ciste infheistíochta nua lán-chomhtháite a bhunú, is é sin **InvestEU**. Na hionstraimí airgeadais uile a ndéantar bainistiú lárnach orthu san Aontas Eorpach, fágfaidh InvestEU go mbeidh siad bailithe le chéile faoi struchtúr cuíchóirithe amháin. Cinnteoidh an cur chuige nua seo nach mbeidh forluí ann idir na hionstraimí, beidh teacht níos éasca ar mhaoiniú agus laghdófar an t-ualach riaracháin. Lena chois sin, cuirfidh an Ciste InvestEU seirbhísí comhairleacha agus bearta tionlacain ar fáil ar mhaithe le tionscadail a chruthú agus a fhorbairt.


Le hinfheistíocht €15.2 billiún as buiséad an Aontais, tá súil go spreagfaidh **InvestEU** breis agus €650 billiún d'infheistíocht bhreise ar fud na hEorpa.

- Is clár nua atá sa **Chlár don Eoraip Dhigiteach**, a bhfuil buiséad **€9.2 billiún** ann dó, clár atá dírithe ar chlaochlú digiteach seirbhísí poiblí agus gnólachtaí. Leis an gclár sin, cuirtear borradh faoin infheistíocht i sár-ríomhairí, in intleacht shaorga, sa chibearshlándáil agus in ardscileanna digiteacha. Is é is aidhm don chlár nua seo cur le hacmhainní digiteacha, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, agus, ar an gcaoi sin, cur le hiomaíochas idirnáisiúnta na hEorpa.

## Cé chomh maith agus a d'éirigh le 'Plean Juncker' buiséad AE a úsáid chun infheistíocht phríobháideach a thionscnamh


### Infheistíocht CEIS de réir earnála (*)

- Cuideachtaí níos lú **28 %**
- Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht **22 %**
- Fuinneamh **22 %**
- Claochlú digiteach **12 %**
- Iompar **8 %**
- Bonneagar sóisialta **4 %**
- An comhshaol agus úsáid éifeachtúil acmhainní **4 %**




**Sprioc faoi 2020: €500 billiún**

### An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) i gcoibhneas le holltáirgeacht intíre (*)




* bunaithe ar oibríochtaí atá formheasta

Dá dhorcha an dath is airde an infheistíocht

# CAÍONNA EILE A nDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Le buiséad iomlán **€273 bhilliún**, leanfar den tacaíocht a thugtar faoin m**Beartas Comhtháthaithe** do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (forbairt chothromaithe) an Aontais Eorpaigh chun borradh a chur faoin bhfostaíocht, faoin bhfás inbhuanaithe agus faoi nuálaíocht.

- Is é **Ciste Sóisialta na hEorpa+**, a bhfuil buiséad **€101 bhilliún** aige, an phríomhionstraim atá ag an Aontas Eorpach chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Tugtar tacaíocht faoin gCiste sin do dhaoine tabhairt faoi chláir uas-scilithe agus athscilithe chun poist níos fearr a fháil, fágtar go bhfuil deiseanna fostaíochta níos cothroime ann do shaoránaigh uile an Aontais agus cuirtear leis an gcuimsiú sóisialta.

- Le buiséad **€16 bhilliún**, cuirtear infheistíocht ar fáil faoin g**Clár Spáis** chun bonneagar spáis na hEorpa agus seirbhísí gaolmhara nach féidir déanamh dá n-uireasa i saol an lae inniu a chur ar fáil agus a úsáid. Ar na seirbhísí sin tá seirbhísí a úsáidtear i bhfóin phóca nó i gcórais loingseoireachta satailíte i gcarranna, in eitleáin nó i mbáid. Is den ríthábhacht é nach mbainfidh an tAontas Eorpach den ról atá aige mar cheannaire sa tionscal seo agus mar ghníomhaí domhanda.
- I bhfianase cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gclár Fís 2020, leanfaidh an clár taighde nua Eorpach **Fís Eorpach**, a bhfuil buiséad **€97.6 billiún** aige, den bharr feabhais a chur chun cinn sa taighde agus den fhócas ar an nuálaíocht a neartú le go bhféadfaidh an tAontas dul in iomaíocht le geilleagair eile atá forbartha nó atá ag teacht chun cinn. Leis an g**Comhairle Nuálaíochta Eorpach nua**, cuirfear ionad ilfhreastail ar fáil le haghaidh teicneolaíochtaí ardacmhainne agus cuideachtaí nuálacha a bhfuil acmhainn mhéadaithe iontu, rud a fhágfaidh an Eoraip ina ceann feadhna sa nuálaíocht cruthaithe margaí.
- Le buiséad **€42.2 billiún**, cuirtear tacaíocht ar fáil faoin **tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** don infheistíocht i mbonneagar trasteorann in earnáil an iompair, earnáil an fhuinnimh agus san earnáil dhigiteach agus cruthaítear nasc idir an tAontas Eorpach agus na réigiúin. Cuirtear freisin le cuspóirí beartais a bhaineann le dícharbónú agus digitiú an gheilleagair Eorpaigh. Gan ról seo an Aontais Eorpaigh, níor leor an spreagadh a bheadh ann d'oibreoirí príobháideacha agus d'údaráis náisiúnta infheistiú i dtionscadail bonneagair trasteorann.

### Fiontair bheaga agus mheánmhéide san Aontas Eorpach in 2016:

**23.8 milliún** gnólacht san Aontas

**67 %** den fhostaíocht iomlán san earnáil phríobháideach

**93 milliún** fostaí

timpeall **85 % de phoist nua** i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide

**Na bacainní atá os comhair na ngnólachtaí sin faoi láthair:** fiachas nó cothromas a fháil chun fás a dhéanamh

## SAMPLAÍ:

**InvestEU: aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais fiontar beag agus meánmhéide:**

### Cén chaoi a dtéann InvestEU i ngleic leis an bhfadhb?

Tugann InvestEU tacaíocht do ghnólachtaí ar fadhb dóibh é teacht ar mhaoiniú – gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí níos óige agus níos lú, fiontair bheaga agus mheánmhéide atá in éagmais a ndóthain comhthaobhachta le go bhféadfaidh siad a dtionscadail infheistíochta atá dírithe ar fhás an ghnólachta a fhíorú, agus gnólachtaí an-nuálach.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| | |
|---|---|
| **02/05 2018** | **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** |
| **06/06 2018** | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** |
| **28-29/ 06/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **12/09 2018** | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** |
| **18-19/ 10/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **13-14/ 12/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **21-22/ 03/2019** | An Chomhairle Eorpach |
| **09/05 2019** | Cruinniú Mullaigh Sibiu |


Print ISBN 978-92-79-84968-8 doi:10.2775/146547 NA-04-18-351-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84985-5 doi:10.2775/74087 NA-04-18-351-GA-N